C/2023/582

30.10.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11248 — KINGSPAN / STEICO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/582)

1. An 20 Deireadh Fómhair 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Kingspan Holding GmbH, faoi rialú aonair Kingspan Group (in éineacht le gach cleamhnaí ('Kingspan', Éire);

— STEICO SE ('STEICO', an Ghearmáin), faoi rialú Schramek GmbH.

Gheobhaidh Kingspan go hindíreach, trína chuideachta sealbhaíochta ar lánúinéireacht Kingspan Holding GmbH, thart ar 51 % de na scaireanna agus den rialú aonair de réir bhrí Airteagal 3(1) pointe (b) ar STEICO ón Díoltóir

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir domhanda é Kingspan agus soláthraí de raon táirgí don tionscal tógála. Ar a phríomhghníomhaíochtaí tá monarú painéal inslithe, insliú, réitigh solais agus aeir, réitigh dín agus uiscedhíonta, uisce agus fuinneamh, agus teicneolaíocht sonraí agus urláir.

— Is monaróir domhanda agus soláthraí táirgí foirgníochta éiceolaíocha atá déanta as amhábhair in-athnuaite é STEICO. Baineann a phríomhghníomhaíochtaí le hábhair inslithe snáithíní adhmaid agus le córais iomlána a sholáthar le haghaidh tógáil chónaithe éiceolaíochta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11248 — KINGSPAN / STEICO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË